Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Meitheamh 2025**
**(OR. en)**

**10627/25**

**FISC 147**
**ECOFIN 855**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 20 Meitheamh 2025 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | An Mheitheal um an gCód Iompair (Cánachas Gnó) – Conclúidí ón gComhairle (an 20 Meitheamh 2025) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an dul chun cinn atá déanta ag an Meitheal um an gCód Iompair (Cánachas Gnó), a d'fhormheas an Chomhairle ag an 4106ú cruinniú a bhí aici, an 20 Meitheamh 2025.

**Conclúidí ón gComhairle**

**maidir leis an dul chun cinn atá déanta ag an Meitheal um an gCód Iompair (Cánachas Gnó)**

**le linn Uachtaránacht na Polainne**

Déanann Comhairle an Aontais Eorpaigh an méid seo:

1. AITHNÍONN SÍ tionchar dearfach an Chóid Iompair agus iarrachtaí na Meithle maidir le cleachtais chánach dhíobhálacha a mhaolú, lena rannchuidítear le córais chánach fhabhracha a laghdú san Aontas agus ar fud an domhain;

2. DEARBHAÍONN SÍ GUR MÓR AICI iarrachtaí na Meithle maidir leis na cuspóirí a leagtar amach sa Chód Iompair (Cánachas Gnó) a chur chun cinn agus MOLANN SÍ don Mheitheal leanúint dá hobair thábhachtach;

3. FORMHEASANN SÍ tuarascáil na Meithle mar a leagtar amach in 9651/25 + ADD 1-10 í;

4. FORMHUINÍONN SÍ na measúnuithe ar na tréimhsí neamhghníomhaíochta arna gcomhaontú ag an Meitheal agus IARRANN SÍ ar an Meitheal leanúint d’fhaireachán a dhéanamh ar thréimhsí neamhghníomhaíochta agus ar chur chun feidhme an rollta siar; FORMHUINÍONN SÍ na measúnuithe maidir le héifeachtaí iarbhír na mbeart aonair mar a chomhaontaigh an Mheitheal iad agus IARRANN SÍ ar an Meitheal leanúint d’fhaireachán a dhéanamh ar na bearta aonair sin;

5. DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI an dul chun cinn atá déanta ag an Meitheal um an gCód Iompair san athbhreithniú ar liosta an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha i mí Feabhra 2025; MOLANN SÍ don Mheitheal idirphlé éifeachtach a choinneáil ar bun leis na dlínsí, agus leanúint d’fhaireachán agus scagadh a dhéanamh chun tacú lena gcomhlíontacht le critéir liostaithe an Aontais agus le comhlíonadh na ngealltanas laistigh den sprioc-am a comhaontaíodh;

6. AITHNÍONN SÍ an machnamh leanúnach atá á dhéanamh ag an Meitheal ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag modheolaíocht athbhreithnithe an Fhóraim maidir le Cleachtais Chánach Dhíobhálacha maidir le hathbhreithnithe córais faoi chritéar 2.1, chomh maith leis na hathruithe ar mhinicíocht fhaireachán an Fhóraim maidir le Cleachtais Chánach Dhíobhálacha do chritéar 2.2; AITHNÍONN SÍ an faireachán leanúnach a dhéanann an Grúpa ar dhlínsí nach ngearrann cáin nó nach ngearrann ach cáin neamhshuntasach ar mhaithe le ceanglais maidir le substaintí eacnamaíocha a chur chun feidhme go héifeachtach i gcás cuideachtaí agus d'eintitis eile a thagann faoi raon feidhme chritéar 2.2 agus AITHNÍONN SÍ cinneadh an Ghrúpa faireachán a dhéanamh ar mháthaireintitis deiridh laistigh den raon feidhme atá i ndlínsí ábhartha a bhí díolmhaithe ó chritéar 3.2 roimhe sin;

7. IARRANN SÍ ar an Meitheal leanúint den obair ar úinéireacht thairbhiúil a ionchorprú mar cheathrú critéar trédhearcachta;

8. IARANN SÍ ar an Meitheal leanúint den obair ar na táscairí iomchuí roghnúcháin le haghaidh modhnuithe a dhéanfar amach anseo ar raon feidhme geografach liosta an Aontais;

9. IARRANN SÍ ar an Meitheal tuarascáil ar a cuid oibre a thabhairt don Chomhairle le linn Uachtaránacht na Danmhairge.